**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0322/2023**

30.10.2023

# TUARASCÁIL

maidir leis an ról atá ag beartas forbartha an Aontais Eorpaigh chun tionscail eastóscacha a chlaochlú ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha i mbéal forbartha
(2023/2031(INI))

An Coiste um Fhorbairt

Rapóirtéir: Barry Andrews

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA.............................................19

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ......................................................................................................23

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR ...........24

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR.................................................................................................................25

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an ról atá ag beartas forbartha an Aontais Eorpaigh chun tionscail eastóscacha a chlaochlú ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha i mbéal forbartha**
**(2023/2031(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 208(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina sonraítear go háirithe go mbeidh 'sé mar phríomhchuspóir ag beartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi' agus go gcuirfidh 'an tAontas san áireamh cuspóirí an chomhair um fhorbairt sna beartais a chuireann sé chun feidhme ar dóigh dóibh difear a dhéanamh do thíortha i mbéal forbartha',

– ag féachaint d'Airteagail 3 agus 21 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CAE),

– ag féachaint do rún ó na Náisiúin Aontaithe dar teideal *Transforming our World: the 2030 Agenda for Sustainable Development* [I mbun athrú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe] a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe i Nua-Eabhrac an 25 Meán Fómhair 2015, agus do na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a áirítear ann,

– ag féachaint don Chomhaontú a glacadh ag an 21ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) – COP21 i bPáras an 12 Nollaig 2015 (Comhaontú Pháras),

– ag féachaint do Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach, a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 13 Meán Fómhair 2007,

– ag féachaint do Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine,

– ag féachaint do Dheich bPrionsabal Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe;

– ag féachaint do Choinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) um Pobail Dhúchasacha agus um Pobail Threibheacha,

– ag féachaint d'ocht gCoinbhinsiún bhunúsacha EIS mar a shainítear faoi Dhearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair,

– ag féachaint do Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair,

– ag féachaint don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, go háirithe Cinneadh COP VIII/28- Treoirlínte deonacha maidir le measúnú tionchair cuimsitheach ar bhithéagsúlacht;

– ag féachaint do Threoirlínte Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP) maidir le Measúnú Sóisialta ar Shaolré Táirgí,

– ag féachaint d'incháilitheacht, do ghníomhaíochtaí eisiata agus do liosta earnálacha eisiata an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI),

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, na Parlaiminte agus an Choimisiúin an 30 Meitheamh 2017 maidir leis an gComhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt – 'Ár ndomhan, ár ndínit, ár dtodhchaí'[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 1 Nollaig 2021 dar teideal 'The Global Gateway' (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019)0640),

– ag féachaint do thogra an 16 Márta 2023 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (COM(2023)0160) (an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla),

– ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta nua idir an tAontas Eorpach agus comhaltaí d'Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (OACPS) (Comhaontú iar-Cotonou),

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Feabhra 2014 maidir le forbairt a chur chun cinn trí chleachtais ghnó fhreagracha, lena n-áirítear ról na dtionscal eastóscach i dtíortha i mbéal forbartha[3],

– ag féachaint do rún uaithi an 14 Márta 2023 maidir le Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt[4] (PCD),

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

---

[1] IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.
[2] IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
[3] IO C 285, 29.8.2017, lch. 87.
[4] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0071.

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhorbairt (A9-0322/2023),

A. de bhrí gur féidir na tionscail eastóscacha a shainmhíniú mar thionscail lena gcuimsítear gníomhaíochtaí éagsúla ó amhábhair a eastóscadh (breoslaí iontaise, mianraí agus comhiomláin), iad a phróiseáil agus iad a thiontú ina dtáirgí agus ina seirbhísí lena n-úsáid ag tomhaltóirí, de réir na Náisiún Aontaithe[5];

B. de bhrí gur gnách go raibh oibríochtaí mianadóireachta ar mhórscála (LSM) agus mianadóireacht ag lucht ceirde agus ar mionscála (ASM) ann le chéile go traidisiúnta, go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an gcineál fostaíochta agus luacha áitiúil a chuirtear ar fáil, ós rud é go n-oibríonn ASM den chuid is mó le leibhéil arda neamhfhoirmiúlachta, déine saothair agus neamhdhleathachta, drochchaighdeáin maidir le sláinte ceirde, sábháilteacht agus comhshaol, agus leibhéil measartha íseal infheistíochta caipitil, meicnithe agus téarnaimh mianraí, lena gcuirtear poist agus ioncam ar fáil d'oibrithe neamhoilte go minic i gceantair iargúlta agus thuaithe, agus gur gnách go mbíonn mórmheicníocht agus rialáil fhoirmiúil ar LSM, rud a chuireann leis an ngeilleagar náisiúnta, ach nach mbíonn mórán tionchair dhearfa aige ar phobail áitiúla; de bhrí, de réir Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe, maidir le mianadóireacht ag lucht ceirde agus ar mionscála i limistéir faoi chosaint agus éiceachórais chriticiúla (ASM-PACE), go meastar go dtáirgeann ASM thart ar 10 % d'ór an domhain, 15-20 % dá dhiamaint, 20-25 % dá stán agus tantalam agus 80 % de gheamchlocha daite[6]; de bhrí gur minic a bhíonn mná i gceist le ASM, rud a chuireann lena leochaileacht, mar thoradh ar an easpa rochtana, úsáide agus rialaithe ar thalamh atá ar mhórán acmhainní agus acmhainní táirgiúla agus airgeadas eile;

C. de bhrí go bhfuil ról ceannasach ag acmhainní mianracha neamh-inathnuaite in 81 thír arb ionann iad le chéile agus an ceathrú cuid de OTI an domhain, leath de dhaonra an domhain agus beagnach 70 % díobh siúd atá i bhfíorbhochtaineacht, de réir an Bhainc Dhomhanda[7];

D. de bhrí gurb ionann eastóscadh agus próiseáil acmhainní nádúrtha agus tuairim is leath d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa (GCT) agus níos mó ná 90 % de thionchair dhomhanda bithéagsúlachta agus struis maidir le huisce[8];

E. de bhrí go dtagann an cinneadh i dtaobh an ndéantar acmhainní nádúrtha a shaothrú, cé na hacmhainní atá i gceist agus conas a dhéantar é sin faoi cheannasacht gach tíre;

F. de bhrí gur cheart go mbeadh ról ríthábhachtach ag na tionscail eastóscacha i bhforbairt a lán tíortha i mbéal forbartha atá ar mhórán acmhainní, trí ioncam poiblí ó oibríochtaí mianadóireachta agus oibríochtaí a bhaineann leis an mianadóireacht (ó lamháltais, ó chánacha agus ó chaiteachas díreach agus indíreach sa tír oibríochta), deiseanna fostaíochta agus bonneagar a sholáthar, a bhfuil sé d'acmhainn acu an bhochtaineacht a

[5] Náisiúin Aontaithe, *Transforming Extractive Industries for Sustainable Development* [Tionscail Eastóscacha a chlaochlú ar mhaithe leis an bhForbairt Inbhuanaithe], Bealtaine 2021, lch.3.
[6] UNEP, *Mineral Resource Governance in the 21st Century. Gearing Extractive Industries Towards Sustainable Development* [Rialachas Mianraí ar Acmhainní sa 21ú hAois. Tionscail Eastóscacha a Ghiaráil i dtreo na Forbartha Inbhuanaithe], lch. 81.
[7] An Banc Domhanda, *The Growing Role of Minerals and Metals for a Low Carbon Future* [Ról Méadaitheach Mianraí agus Miotail do Thodhchaí Ísealcharbóin], Meitheamh 2017, lch. 26.
[8] Painéal Acmhainní Idirnáisiúnta, Global Resources Outlook 2019.

laghdú agus tacú le fás eacnamaíoch agus le forbairt shóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, má tá tosca áirithe ann;

G. de bhrí gur féidir leis na tionscail eastóscacha tionchair dhiúltacha shóisialta, eacnamaíocha, chomhshaoil agus institiúideacha a bheith acu freisin ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus domhanda, trí rannchuidiú le sáruithe ar chearta an duine agus ar chearta an tsaothair, foréigean inscnebhunaithe, saothar éigeantais, saothar leanaí, easáitiú éigeantais, bochtaineacht, truailliú, iomaíocht úsáide uisce, cailliúint na bithéagsúlachta, dífhoraoisiú, scriosadh suíomhanna cultúrtha agus spioradálta, ciapadh chosantóirí chearta an duine agus an chomhshaoil, cur isteach ar an gcreatlach shóisialta, éilliú, luaineacht i bpraghsanna tráchtearraí, sreafaí airgeadais aindleathacha, calaois chánach agus imghabháil cánach, agus coinbhleachtaí armtha, chomh maith le go leor dúshlán a bheith ag baint leo mar gheall ar chineál ‘iamhchríche’ an tionscail eastóscaigh, gan ach beagán nasc a bheith acu leis an ngeilleagar áitiúil; de bhrí gur minic a dhéanann na tionscail eastóscacha difear do chearta na bpobal dúchasach, agus gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag staidéir ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an tionchar sóisialta chun na cearta sin a chosaint;

H. de bhrí gur féidir leis na teicneolaíochtaí agus an digitiú is nua agus oiriúnaithe, ó nádúr, srian láidir a chur le tionchair ionracha na dtionscal eastóscach;

I. de bhrí, de réir na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta Fuinnimh (IEA)[9], go raibh thart ar leath den táirgeadh domhanda copair agus litiam comhchruinnithe i limistéir a bhí thíos le hardstrus maidir le huisce cheana féin; de bhrí, ina theannta sin, go bhfuil formhór na suíomhanna tochailte atá ann faoi láthair agus a d’fhéadfadh a bheith ann lonnaithe i limistéir thuaithe agus dhúchasacha;

J. de bhrí go bhfuil an baol ann go n-éireoidh tionchar diúltach sóisialta agus comhshaoil na dtionscal eastóscach níos déine amach anseo, i bhfianaise na treochta i dtreo mianadóireacht a dhéanamh ar mhianta de ghrád níos ísle, as a dtiocfaidh méideanna níos mó dramhaíola, chomh maith le héilimh níos airde fuinnimh agus uisce; de bhrí gur cúis imní ar leith é sin do dhaoine imeallaithe agus leochaileacha i dtíortha i mbéal forbartha, áit a bhfuil tionchar an athraithe aeráide ag cur leis an nganntanas uisce cheana féin; á chur i bhfios, thairis sin, de réir mar a ídítear cúlchistí a bhfuil rochtain éasca orthu, go bhfuil taiscéalaíocht ag bogadh go limistéir atá iargúlta agus go minic leochaileach, mar a tharlaíonn i gcás mianadóireacht domhainfharraige;

K. de bhrí go luaitear in anailís a rinne an Banc Domhanda[10] go bhfuil 44 % de na mianaigh oibríochtúla uile lonnaithe i bhforaoisí, rud a mbíonn tionchar suntasach aige ar an dhífhoraoisiú, agus ar dhaoine dúchasacha agus ar phobail áitiúla a bhíonn ag brath ar fhoraoisí dá slite beatha;

L. de bhrí gurb ionann an ceart chun faisnéise, chun rannpháirtíochta agus chun leighis agus cearta an duine faoi chosaint idirnáisiúnta a chumhdaítear i gcomhaontuithe

[9] IEA, *The Role of Critical Minerals in Clean Energy Transitions* [Ról na Mianraí Criticiúla in Aistrithe chuig Fuinneamh Glan], Tuarascáil Speisialta maidir le hIonchas Fuinnimh Domhanda, 2021, lch. 128.
[10] An Banc Domhanda, *Forest-Smart Mining: Identifying Factors Associated with the Impacts of Large-Scale Mining on Forests* [Mianadóireacht atá cliste ó thaobh bainistiú foraoise de: Tosca a bhaineann le Tionchar na Mianadóireachta Mórscála ar Fhoraoisí a shainaithint], 2019.

iltaobhacha, lena dtugtar aghaidh ar chinnteoireacht chomhshaoil go háirithe, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i gcás na mianadóireachta;

M. de bhrí gur féidir leis na tionscail eastóscacha tionchar dearfach nó diúltach a imirt ar roinnt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) de chuid na Náisiún Aontaithe ar bhealach díreach nó indíreach, go háirithe SDG 1 (gan bochtaineacht), SDG 3 (dea-shláinte agus dea-bhail), SDG 6 (uisce glan agus sláintíocht), SDG 7 (fuinneamh inacmhainne agus glan), SDG 8 (obair chuibhiúil agus fás eacnamaíoch), SDG 13 (gníomhú ar son na haeráide), SDG 15 (saol ar talamh) agus SDG 16 (síocháin, ceartas agus institiúidí láidre);

N. de bhrí go bhfuil na SDGanna uilíoch agus, dá bhrí sin, go n-éilíonn siad comhleanúnachas ó AE ina ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach; de bhrí gur léiríodh go bhfuil tionchar diúltach ag an Aontas Eorpach ar dhul chun cinn na dtíortha i mbéal forbartha i dtreo SDGanna mar thoradh ar a thomhaltas acmhainní, nó an éifeacht iarmhartach mar a thugtar air[11];

O. de bhrí gur féidir le Comhaontuithe Forbartha Comhphobail (CDAnna) modh a chur ar fáil chun caidreamh inbhuanaithe agus comhthairbheach a neartú agus a chur chun cinn do rialtais, do chuideachtaí agus do phobail, chomh maith le modh chun coinbhleachtaí a chosc agus trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú; de bhrí go measann an Banc Domhanda gur dea-chleachtas iad CDAnna le haghaidh comhaontuithe eastóscacha[12]; de bhrí go spreagtar le 10 bPrionsabal Mianadóireachta na Comhairle Idirnáisiúnta maidir le Mianadóireacht agus Miotail (ICMM) a comhaltaí chun rannpháirtíocht chuí na ngeallsealbhóirí a dhéanamh agus chun rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe na dtíortha agus na bpobal óstach[13]; de bhrí go bhfuil dea-chleachtais á bhforbairt ag an Tionscnamh um Dhearbhú Mianadóireachta Freagrach (IRMA) maidir le Mianadóireacht Fhreagrach maidir leis an gcuma a d'fhéadfadh a bheith ar an mianadóireacht fhreagrach;

P. de bhrí gur minic a bhíonn tíortha i mbéal forbartha atá ar mhórán acmhainní thíos leis an 'mallacht acmhainní', ós rud é nach bhfuil a bhforbairt eacnamaíoch mar thoradh ar fhlúirse acmhainní go dtí seo mar gheall ar, *inter alia*, drochrialacháin, éilliú, easpa trédhearcachta agus cuntasachta, agus róspleáchas ar ioncaim ó na tionscail eastóscacha agus easpa éagsúlaithe eacnamaíoch ina dhiaidh sin; de bhrí go bhfuil an Afraic, go háirithe an réigiún fo-Shahárach, ina sampla tipiciúil den 'mhallacht acmhainní', in ainneoin 30 % de chúltaiscí mianraí an domhain, 8 % de ghás nádúrtha an domhain agus 12 % de chúlchistí ola an domhain a bheith ann[14];

Q. de bhrí gur minic a bhí dúshláin roimh thíortha i mbéal forbartha maidir le hioncam leordhóthanach a bhailiú ó ghníomhaíocht eastóscach mar gheall ar chórais laga nó chúlchéimnitheacha chánach, easpa athléimneachta institiúidí, pleanáil fhadtéarmach

[11] Líonra Réitigh don Fhorbairt Inbhuanaithe (SDSN), 'Tuarascáil maidir le Forbairt Inbhuanaithe na hEorpa', 2022, ar fáil ag: https://s3.amazonaws.com/sustainabledevelopment.report/2022/europe-sustainable-development-report-2022.pdf.
[12] An Banc Domhanda, 'Mining Community Development Agreements Source Book', 2012, ar fáil ag: https://openknowledge.worldbank.org/server/api/core/bitstreams/8161b734-e57b-572c-863a-851103471a5f/content.
[13] https://www.icmm.com/en-gb/our-principles/mining-principles/mining-principles.
[14] UNEP, 'Ár gcuid oibre san Afraic', https://www.unep.org/regions/africa/our-work-africa.

neamhleor, ualaí fiachais neamh-inbhuanaithe, sreafaí aindleathacha airgeadais, éilliú agus imghabháil cánach;

R. de bhrí go bhfuil tíortha i mbéal forbartha a onnmhairíonn amhábhair ag brath go mór ar ioncam cánach ó na honnmhairí sin;

S. de bhrí, trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus chun dul i ngleic leis an éileamh atá ag dul i méid go tapa ar amhábhair atá fíor-riachtanach chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, chomh maith leis na ceanglais inbhuanaitheachta agus éagsúlaithe atá i bhfeidhm in AE, go n-eascraíonn dúshláin agus deiseanna araon d'earnáil na dtionscal eastóscach chun a bheith inbhuanaithe agus do thíortha i mbéal forbartha atá ar mhórán acmhainní; de bhrí gur féidir le AE creataí a leagan síos d'earnáil na dtionscal eastóscach i dtíortha i mbéal forbartha ar bhealach ina mbainfear leas níos fearr as an éileamh sin i gcomhréir le SDGanna trína spás fioscach a mhéadú agus trí bhorradh a chur faoin gcaiteachas poiblí, chomh maith lena ról sa chomhphobal idirnáisiúnta, agus a n-astaíochtaí GCT á laghdú ag an am céanna; de bhrí nach mór do thíortha i mbéal forbartha a spleáchas ar na tionscail eastóscacha a laghdú agus a ngeilleagair a leathnú chuig earnálacha atá dírithe ar an todhchaí amhail teicneolaíochtaí astaíochtaí glan-nialasacha chun a bhfoinsí ioncaim a leathnú;

T. de bhrí go gcuirtear d'oibleagáid ar an Aontas le hAirteagal 3(5) CAE, *inter alia*, 'rannchuidiú leis an tsíocháin, leis an tslándáil, le forbairt inbhuanaithe an Domhain, leis an dlúthpháirtíocht agus leis an meas frithpháirteach i measc pobal, leis an tsaorthrádáil chóir, le díothú na bochtaineachta agus le cosaint chearta an duine'; de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) CAE, 'go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta bunaithe ar na prionsabail a spreag a chruthú', lena n-áirítear an daonlathas, an smacht reachta agus uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus saoirsí bunúsacha;

U. de bhrí gur athdhearbhaíodh tiomantas polaitiúil AE do PCD i gComhdhearcadh Nua Eorpach 2017 maidir le Forbairt, inar sainaithníodh PCD mar 'gné ríthábhachtach de straitéis [AE] chun SDGanna a bhaint amach agus mar rannchuidiú tábhachtach le cuspóir níos leithne an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (PCSD)';

V. de bhrí gur cheart do bheartas forbartha AE tacú le tíortha i mbéal forbartha a dtionscail eastóscacha a chlaochlú chun a áirithiú go rannchuideoidh siad leis an bhforbairt inbhuanaithe i gcomhréir leis na SFInna agus le Comhaontú Pháras;

W. de bhrí go bhfuil gníomhaíochtaí na dtionscal eastóscach ag tarlú i gcomhthéacs domhanda Chomhaontú Pháras a bhfuil sé mar aidhm leis an t-ardú teochta domhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun dhá chéim os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus sreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus conair atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, agus i gcomhthéacs an Dlí Aeráide Eorpaigh[15] lena sonraítear an aeráidneodracht san Aontas faoi 2050 agus laghdú 55 % ar

[15] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

$CO_2$ faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990, an pacáiste rialála 'Oiriúnach do 55' ina gcuimsítear, i measc nithe eile, spriocanna ceangailteacha éifeachtúlachta agus ciorclaíochta, agus i gcomhthéacs an Chórais Eorpaigh Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe agus leathnaithe;

X. de bhrí gur ghlac AE reachtaíocht le déanaí nó go nglacfaidh sé reachtaíocht chun feabhas a chur ar fhreagracht shóisialta chorparáideach agus ar iompar freagrach gnó a mbeidh tionchar acu ar na tionscail eastóscacha atá ag feidhmiú i dtíortha i mbéal forbartha, amhail an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta[16], an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí[17], an Treoir atá le teacht maidir le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach[18], an Rialachán maidir le Cosc ar Tháirgí Saothair Éigeantacha[19] atá le teacht agus an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla;

Y. de bhrí nach ndéantar measúnú leordhóthanach sa Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020[20] (an Gníomh Eorpach um Amhábhair Chriticiúla) ar thionchair shóisialta, chomhshaoil, chearta an duine agus eacnamaíocha an togra ar thíortha i mbéal forbartha (mar a fhorordaítear le huirlis um Rialáil Níos Fearr #35 agus uirlis SDG #19) agus maidir le slite beatha na bpobal dúchasach áitiúil, lena n-áirítear mná agus cailíní[21];

Z. de bhrí go dtéann tiomantas AE d'aistriú cóir timpeall an domhain agus go bhfuil gá le hathchóirithe móra sna gnéithe airgeadais, rialachais, sóisialta agus comhshaoil den earnáil eastóscach;

AA. de bhrí go bhfuil mianraí scaipthe go míchothrom ar fud an domhain, rud a mbíonn tionchar ollmhór aige ar an Domhan Theas; de bhrí go bhfuarthas amach in anailís[22] gur tháinig 79 % d'eastóscadh domhanda mianta miotail in 2019 ó chúig cinn de na sé bhithmhiotán is saibhre ó thaobh speiceas de;

AB. de bhrí go bhforáiltear leis an gConradh maidir leis an Mórmhuir[23] a glacadh i mí an Mheithimh 2023 do chreat chun an mhórmhuir a chosaint ar thionchair na dtionscal

---

[16] Rialachán (AE) 2017/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 lena leagtar síos oibleagáidí díchill chuí sa slabhra soláthair d'allmhaireoirí de chuid an Aontais de stán, de thantalam agus de thungstan, dá mianta, agus d'ór de thionscnamh limistéar ina bhfuil coinbhleacht agus limistéar ardriosca (IO L 130, 19.5.2017, lch. 1).

[17] Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15)

[18] Togra an 23 Feabhra 2022 le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Dícheall Cuí Inbhuanaitheachta Corparáidí agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 (COM(2022)0071).

[19] Togra ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2022 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais (COM(2022)0453).

[20] Doiciméad Inmheánach Oibre (2023)0161.

[21] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A52023SC0161.

[22] Luckeneder, S., Giljum, S., Schaffartzik, A., Maus, V. agus Tost, M., 'Surge in global metal mining threatens vulnerable ecosystems', *Global Environmental Change*, Imleabhar 69, 2021.

[23] Comhaontú faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige maidir le Caomhnú agus Úsáid

eastóscach agus go mbunaítear leis comhroinnt na dtairbhí ó acmhainní géiniteacha muirí idir tíortha forbartha agus tíortha i mbéal forbartha; de bhrí go bhfuil EUR 40 milliún geallta ag AE mar chuid den Chlár um an Aigéan Domhanda chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha an conradh a chur chun feidhme;

***Feabhas a chur ar bheartas forbartha an Aontais***

1. á mheabhrú gurb é AE an deontóir is mó de chabhair um fhorbairt ar domhan, a dhírítear go príomha trí eagraíochtaí idirnáisiúnta agus trí na Ballstáit; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, a thábhachtaí atá sé prionsabail na forbartha inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud ghníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais Eorpaigh, go háirithe i mbeartais a bhaineann leis na tionscail eastóscacha, i gcomhréir le hoibleagáid dhlíthiúil an Aontais Eorpaigh comhleanúnachas beartais a áirithiú don fhorbairt, mar a leagtar síos in Airteagal 208 CFAE;

2. á iarraidh ar AE comhpháirtíocht idir páirtithe comhionanna a chur chun cinn idir AE agus na tíortha i mbéal forbartha atá ag brath go mór ar na tionscail eastóscacha; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcruthódh tionscadail uile an Aontais in eastóscaigh i dtíortha i mbéal forbartha cásanna a rachadh chun tairbhe do chách, lena n-áirítear do phobail áitiúla, agus gur cheart dóibh forbairt atá dírithe ar an duine agus atá dírithe ar an gcomhshaol a chur i gcroílár a gcuspóirí agus na gcreataí beartais oibríochtúla uile; á chur i bhfáth, chuige sin, gur cheart do AE tacú le tíortha ísealioncaim atá ar mhórán acmhainní chun imeacht ó chineál iamhchríche agus ó shamhail eastóscach earnáil na mianadóireachta, agus spás leordhóthanach beartais a chur ar fáil do thíortha i mbéal forbartha chun é sin a dhéanamh, lena n-áirítear trí uirlisí trádála idirnáisiúnta a úsáid chun tionsclú bunaithe ar acmhainní a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil; á chur i bhfáth, thairis sin, nach mór tionscadail a chur i gcrích ar bhealach cothrom agus neamhdhíobhálach don aeráid agus nach ndéanann dochar don chomhshaol, do chearta an duine ná don tsíocháin, agus úsáid á baint as na modhanna is nuálaí atá ar fáil; á chur i bhfios go gcaithfidh éascú na hinfheistíochta inbhuanaithe agus straitéis fhoriomlán trádála agus infheistíochta AE deiseanna infheistíochta a spreagadh i dtíortha i mbéal forbartha, chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach; á iarraidh ar an gCoimisiún tús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht i dtionscadail earnála amhábhar faoi Thionscnamh Global Gateway agus rochtain ar mhaoiniú a éascú dá réir sin;

3. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tionscail eastóscacha inbhuanaithe a chomhtháthú sa gheilleagar áitiúil, chun acmhainneacht thionsclaíoch ard-bhreisluach áitiúil a fhorbairt do thíortha i mbéal forbartha; á chreidiúint go bhfuil sé de cheart ag tíortha i mbéal forbartha cánacha onnmhairiúcháin agus srianta trádála dlisteanacha a úsáid chun a mbonn tionsclaíoch féin a fhorbairt agus acmhainní dleachtanna onnmhairiúcháin ó na tionscail eastóscacha a úsáid le haghaidh forbairt dhaonna agus neartú seirbhísí poiblí amhail oideachas agus sláinte; á iarraidh ar AE athbhreithniú a dhéanamh ar shrianta ar chánacha onnmhairiúcháin ina chomhaontuithe trádála le tíortha i mbéal forbartha;

4. á chur i bhfios go láidir nach mór don Aontas agus dá Bhallstáit riachtanais na bpobal áitiúil agus na bpobal dúchasach a urramú, agus a iarraidh ar a dtíortha comhpháirtíochta na riachtanais sin a urramú, go háirithe ceart na bpobal dúchasach

---

Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta, an 19 Meitheamh 2023.

saorthoiliú feasach a fháil sula bhformheasfar aon tionscadal eastóscach a dhéanann difear dá dtailte nó dá gcríocha, i gcomhréir le Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (UNDRIP) agus Coinbhinsiún EIS Uimh. 169 maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha; á chur i bhfios go méadaíonn an mhianadóireacht an baol go ndéanfar grabáil talún, i gcomhthéacs inar minic nach dtugann rialtais na dtíortha i mbéal forbartha aitheantas do ghnáthchearta na bpobal dúchasach agus na bpobal chun na dtailte ina bhfuil cónaí orthu; á iarraidh go gcomhlíonfar Treoirlínte Deonacha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí, chun grabáil talún a eascraíonn as na tionscail eastóscacha a sheachaint; á chur i bhfáth go bhfuil sé tábhachtach cearta na bpobal dúchasach agus a gcleachtais thraidisiúnta a chur chun cinn chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus chun an t-athrú aeráide a chomhrac;

5. ag tathant ar AE cur lena thacaíocht do thíortha i mbéal forbartha agus atá ar mhóran acmhainní chun a spleáchas ar na tionscail eastóscacha a laghdú agus chun a ngeilleagair a éagsúlú, ar geilleagair iad atá íogair do shuaitheadh eacnamaíoch agus do luaineacht praghsanna, trí roghanna malartacha inbhuanaithe a chur chun cinn;

6. á mheas gur cheart don Aontas tacú le tíortha atá ar mhórán acmhainní chun a n-ioncam ón ngeilleagar eastóscach a ghabháil agus a bhainistiú ar bhealach éifeachtach agus trédhearcach chun forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach ar mhaithe lena bpobail agus chun na SDGanna a chur chun cinn;

7. á iarraidh ar an gCoimisiún a idirphlé agus a chomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le ceardchumainn, le pobail áitiúla agus le pobail dhúchasacha i dtíortha i mbéal forbartha a ndéanann tionscail eastóscacha difear díreach dóibh a neartú, d’fhonn a gcearta a chur chun cinn agus a rannpháirtíocht fhóinteach agus a rannpháirtíocht ghníomhach i bpróisis chinnteoireachta a áirithiú, go háirithe maidir le tionchair thionscadail shuaitheanta Global Gateway a dhearadh agus a mheasúnú; á chur i bhfios go láidir gur cheart ionadaíocht fhoirmiúil a bheith ag gníomhaithe na sochaí sibhialta ar bhord rialachais Global Gateway; á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh seoladh Ardán Idirphlé na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil de chuid Global Gateway chun a áirithiú go mbeidh idirphlé fóinteach ann agus tionscadail Global Gateway á roghnú agus á dtacú;

8. á iarraidh go dtionólfaí Grúpa Faireacháin Global Gateway (GGMG) chun formhaoirseacht láidir agus éifeachtach a chur ar fáil ar thionscadail uile Global Gateway agus ar phrionsabal CBF, atá comhdhéanta de ghníomhaithe na sochaí sibhialta, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar phobail dhúchasacha, Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, ionadaithe na mBallstát agus saineolaithe ábhartha eile; á chur i bhfáth gur cheart do GGMG tuarascáil bhliantúil a thiomsú maidir le tionchar thionscadail Global Gateway ar chearta an duine, ar an gcomhshaol, ar shaoirsí sibhialta, ar an tsíocháin, ar an neamhionannas agus ar laghdú na bochtaineachta; á iarraidh ar Uachtarán an Choimisiúin cuireadh a thabhairt do chathaoirleach GGMG chuig cruinnithe uile an Bhoird Rialachais; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh rochtain ag GGMG ar dhoiciméid agus miontuairiscí uile chruinnithe an Ghrúpa Chomhairligh Gnó, an Bhoird Rialachais agus Ardán Idirphlé na Sochaí Sibhialta agus na nÚdarás Áitiúil;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún acmhainneacht ghníomhaithe na sochaí sibhialta a neartú chun páirt éifeachtach a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta, lena n-áirítear trí oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil i réimsí amhail litearthacht dhlíthiúil, scileanna caibidlíochta, measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol agus faireachán ar thionscadail;

10. á iarraidh ar AE tacú le hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta i dtíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil do gheallsealbhóirí ábhartha, amhail oifigigh rialtais, na breithiúna agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, chun a gcreataí dlíthiúla agus rialála do thionscail eastóscacha a neartú, lena n-áirítear bearta chun rialachas agus trédhearcacht a mhéadú, éilliú, míbhainistiú ioncaim, calaois chánach agus imghabháil cánach agus sreabha aindleathacha airgeadais a chomhrac, feabhas a chur ar chaighdeáin saothair, chearta an duine agus chomhshaoil, agus forfheidhmiú an dlí a neartú; á mheabhrú go dtéann cuid de na hacmhainní nádúrtha a chothaíonn cuid de na coinbhleachtaí is buaine agus is brúidiúla ar domhan trí shlabhraí soláthair atá nasctha le cuideachtaí atá ag feidhmiú i dtíortha forbartha, eadhon in AE; á thabhairt chun suntais gur gá, dá bhrí sin, rochtain éifeachtach ar cheartas a áirithiú d'íospartaigh mhífheidhmiú sóisialta nó chomhshaoil na reachtaíochta ag cuideachtaí ilnáisiúnta atá ag feidhmiú i dtíortha i mbéal forbartha;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún Cód Iompair AE maidir le hInfheistíocht Fhreagrach i dTionscail Eastóscach i dTíortha i mBéal Forbartha a chur ar aghaidh a bheadh deonach do ghnólachtaí agus d'institiúidí airgeadais um fhorbairt, arna dhréachtú le hionchuir ón tionscal agus ó cheardchumainn, agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ó ionadaithe pobal dúchasach agus pobal áitiúil; á mheas gur cheart don chód gealltanais shoiléire agus treoirphrionsabail shaincheaptha a chur in iúl maidir le hinfheistíocht i dtíortha i mbéal forbartha i gcomhréir, *inter alia*, le próisis díchill chuí mar a shainítear i reachtaíocht AE agus le caighdeáin, treoirlínte agus tionscnaimh idirnáisiúnta atá ann cheana amhail SDGanna na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) d'Fhiontair Ilnáisiúnta, caighdeáin ISO 26000 agus Tionscnamh Trédhearcachta na dTionscal Eastóscach; á chur i bhfáth gur cheart an saorthoiliú feasach roimh ré ó phobail dhúchasacha agus ó phobail áitiúla agus ón bhforbairt inbhuanaithe áitiúil a bheith mar chuspóir uileghabhálach an chóid; á chreidiúint gur cheart go gcumhdófaí leis an gcód, ar a laghad, gealltanais maidir leis an méid seo a leanas:

a) rannpháirtíocht geallsealbhóirí; á mheas, i gcás nár rith tríú tír reachtaíocht maidir le Comhaontuithe Forbartha Comhphobail (CDAnna) éigeantacha, gur cheart do ghnólachtaí Eorpacha iad a chur chun feidhme mar réamhriachtanas chun gnó a dhéanamh; á mheas gur cheart na comhaontuithe a chaibidliú faoi chuimsiú ardáin il-gheallsealbhóirí ina mbeadh pobail dhúchasacha agus pobail áitiúla rannpháirteach go fóinteach, agus prionsabal an tsaorthoilithe fheasaigh roimh ré á chomhlíonadh go héifeachtach agus gur cheart go mbeadh rochtain ag an bpobal orthu;

b) trédhearcacht, lena n-áirítear tuairisciú réamhghníomhach comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) ar thionscadail i dtíortha i mbéal forbartha, i gcomhréir le

prionsabal na hábharthachta dúbailte, chomh maith le conarthaí agus idirbhearta airgeadais a fhoilsiú, lena n-áirítear na híocaíochtaí a dhéantar le rialtais óstacha a mhionsonrú; á chur i bhfios go láidir gur cheart an fhaisnéis phoiblí uile a chur ar fáil ar bhealach soiléir agus intuigthe chun na gníomhaithe ábhartha a choinneáil cuntasach;

c) an smacht reachta agus cosc ar éilliú, lena n-áirítear creataí dlíthiúla a chomhlíonadh, bearta frithéillithe, trédhearcacht in idirbhearta airgeadais agus cosaint do sceithirí;

d) saincheisteanna a bhaineann le cearta an duine, amhail saothar éigeantais agus saothar leanaí a úsáid, cearta oibrithe, easáitiú, idirdhealú, cearta dúchasacha, cearta na mban agus na gcailíní, oideachas, sláinte agus sábháilteacht, chomh maith le dálaí sábháilte oibre;

e) cosaint agus feidhmíocht an chomhshaoil agus tionchar ar an gcomhshaol, lena n-áirítear bearta coisccthe truaillithe, úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus bearta agus acmhainní chun athchúrsáil chuí agus bainistiú dramhaíola amhábhar a áirithiú;

f) ábhar áitiúil agus éagsúlú eacnamaíoch, lena n-áirítear deiseanna chun luach áitiúil, forbairt scileanna agus aistriú teicneolaíochta a chur leis chun éagsúlú eacnamaíoch agus fás cuimsitheach a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta;

g) caomhnú agus bithéagsúlacht;

h) tionscnaimh fothaithe acmhainneachta, lena n-áirítear cláir oiliúna agus ardáin comhroinnte eolais chun feabhas a chur ar an tuiscint ar chleachtais fhreagracha infheistíochta sna tionscail eastóscacha;

i) sásraí agus coimircí casaoide chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chearta an duine agus ar thionchair chomhshaoil a eascraíonn as na tionscail eastóscacha, lena n-áirítear comhlachtaí faireacháin neamhspleácha, sásraí gearáin agus leigheasanna leordhóthanacha a bhunú;

j) creat faireacháin agus tuairiscithe chun comhlíonadh an chóid a áirithiú, lena mbaineann tuairisciú tréimhsiúil, fíorú neamhspleách tríú páirtí agus nochtadh poiblí táscairí feidhmíochta;

12. ag cáineadh saothar éigeantais agus saothar leanaí; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht níos éifeachtaí chun íospartaigh saothar éigeantais agus saothar leanaí a chosaint agus chun tacú leo, agus go mbeadh réiteach sistéamach ann a chuirfidh na tosca uile san áireamh, eadhon bochtaineacht, neamhionannas, easpa rochtana ar oideachas, agus glacadh sóisialta le saothar leanaí;

13. ag tathant ar AE dlús a chur lena iarrachtaí chun saothar leanaí a chomhrac sna gníomhaíochtaí eastóscacha agus tacú le cláir lena gcuirtear deiseanna oideachais agus deiseanna malartacha ginte ioncaim ar fáil, chun leanaí a bhaint de na gníomhaíochtaí sin faoi chuimsiú chlár téamach 'Dúshláin Dhomhanda' na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) - An Eoraip Dhomhanda;

14. á iarraidh ar AE aistrithe teicneolaíochta, comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta a mhéadú i ndáil le bainistiú inbhuanaithe acmhainní i dtíortha i mbéal forbartha, go háirithe i réimsí a bhaineann le bainistiú comhshaoil, cleachtais mianadóireachta fhreagracha agus úsáid inbhuanaithe acmhainní in earnáil na dtionscal eastóscach;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le dreasachtaí agus le cláir forbartha acmhainní, go háirithe iad siúd a bhaineann le mná, do thíortha i mbéal forbartha agus céimeanna á nglacadh acu chun earnáil ASM a chur ar bhonn foirmiúil agus í a chomhtháthú sa gheilleagar tuaithe agus náisiúnta chun dálaí saothair agus slite beatha na bpobal áitiúil a fheabhsú, chomh maith le stop a chur leis na sreabha aindleathacha airgeadais atá freagrach go minic as éilliú agus coinbhleachtaí armtha; á mheabhrú gur gníomhaíocht an-inscneach é ASM; á iarraidh ar AE tacú le comharchumainn agus comhlachais mhianadóireachta na mban a bhunú chun rannpháirtíocht, cumhacht margála, dálaí oibre agus neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a fheabhsú; ag cur béim ar an mbagairt don tslándáil bia agus na rioscaí comhshaoil agus sláinte a bhaineann le gníomhaíochtaí neamhrialáilte ASM i gceantair thuaithe agus ag cur béim ar an bhfíoras go dtarlaíonn go leor gníomhaíochtaí ASM ar choimíní domhanda tailte foraoise in éiceachórais chriticiúla nár úsáideadh roimhe seo, de réir Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;

16. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, i gcás fhormhór na dtíortha i mbéal forbartha atá ar mhórán acmhainní, nár tháinig forbairt eacnamaíoch, dhaonna agus shóisialta, a bhfuil bonn leathan faoi, as an saothrú mianadóireachta, ola nó gáis; á chur i bhfios go láidir, trí aghaidh a thabhairt ar an 'mallacht acmhainní' nó 'paradacsa na flúirse', go gcuimseofar leis ní hamháin an geilleagar a éagsúlú ach chomh maith leis sin an athléimneacht institiúideach a neartú, an smacht reachta a chaomhnú agus spás fioscach tríú tíortha a mhéadú chun forbairt inbhuanaithe a éascú; á chur i bhfáth gur cheart do AE spreagadh réamhghníomhach a thabhairt do shlógadh acmhainní intíre i dtíortha comhpháirtíochta, amhail cánachas díreach, agus gur féidir cánacha onnmhairiúcháin a chur i bhfeidhm ar thráchtearraí, a mhéid atá sé sin comhoiriúnach le EDT agus nach gcuirtear i bhfeidhm é ar bhealach idirdhealaitheach; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt maoiniú lamháltais a mhéadú i gcomhthráth leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla; á athdhearbhú nach mór na huasteorainneacha i gCeannteideal 6 den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) a mhéadú dá réir sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar CAI atá ar na bacáin;

17. á mheabhrú gur féidir tionchair na mianadóireachta a bhrath ar feadh na mblianta i ndiaidh dhúnadh an mhianaigh féin, ós rud é go bhfuil dramhaíl mhianaigh tocsaineach, agus dá bhrí sin go gcuireann sí isteach ar an gcomhshaol, ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus ar shlite beatha gaolmhara; á iarraidh, dá réir sin, go ndéanfar rialachas éifeachtach ar acmhainní mianraí ar feadh shaolré na n-oibríochtaí mianadóireachta, lena n-éilítear, i measc nithe eile:

- aitheantas a thabhairt do chearta na ndaoine dúchasacha agus na bpobal áitiúil chun saorthoilithe fheasaigh roimh ré; rochtain a bheith acu ar fhaisnéis le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtach an phobail sa chinnteoireacht, agus an dearbhú nach ngearrfar pionós ar dhaoine atá ag feidhmiú a gceart, nach ndéanfar géarleanúint orthu ná nach ndéanfar ciapadh orthu;

- trédhearcacht iomlán na hearnála mianadóireachta i ndáil le hioncaim agus conarthaí, i gcomhréir le ceanglais an Tionscnaimh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach (EITI), lena n-áirítear maidir le trédhearcacht chomhshaoil;
- aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta na mianadóireachta agus iad a mhaolú trí chur chuige arna spreagadh ag an bprionsabal ‘seachain, maolaigh, athbhunaigh’;

***Gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh ar an leibhéal iltaobhach***

18. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnamh G20 a mholadh maidir le hobair eastósctha a dhéanamh d’fhorbairt inbhuanaithe áitiúil i dtíortha i mbéal forbartha atá saibhir ó thaobh acmhainní de; á chur i bhfáth gur cheart an tionscnamh a chur in oiriúint do gach comhthéacs agus go bhféadfaí a áireamh ann, *inter alia*, tacaíocht airgeadais, cúnamh fiachais, faoiseamh fiachais agus cealú fiachais, fothú acmhainneachta i rialachas, cánachas agus frith-éilliú; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhú mar idirghabhálaí i gcainteanna maidir le faoiseamh fiachais chun an spás airgeadais a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha chun tionscail eastóscacha neamh-inbhuanaithe a athrú ó bhonn agus chun tionscail eastóscacha inbhuanaithe a mhealladh, agus chun cloí le caighdeáin fhónta chomhshaoil agus shóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le hathchóiriú agus leathnú an Tionscnaimh chun Seirbhísí Fiachais a Chur ar Fionraí chun tíortha leochaileacha meánioncaim a áireamh, a bhfuil go leor acu ag brath ar eastóscáin, agus Sásra fadtéarmach um Babhtáil Fiachais (DSM) a oibríochtú chun babhtálacha fiachais don aeráid agus don dúlra a éascú; á chur i bhfáth gur gá deireadh a chur le tearmainn chánach mar chainéil le haghaidh sreafaí aindleathacha airgeadais san earnáil eastóscach;

19. á iarraidh ar AE comhpháirtíochtaí il-gheallsealbhóra cuimsitheacha agus trédhearcacha a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, trí idirphlé agus comhar a éascú idir rialtais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an earnáil phríobháideach agus institiúidí idirnáisiúnta chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn sna tionscail eastóscacha, lena gcothófar próisis chinnteoireachta chuimsitheacha; ag cur béim ar an bhfíoras go gciallaíonn comhthéacs reatha an éilimh dhomhanda mhéadaithe ar amhábhair chriticiúla agus ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil mhéadaithe gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí chun soláthar cobhsaí, leordhóthanach agus éagsúlaithe amhábhar criticiúil a áirithiú; á chur i bhfáth, áfach, gur gá imeacht ó chultúr an eastóscachais go dtí córas rialachais acmhainní lena gcuirtear san áireamh, *inter alia*, an ráta ídithe, infhaighteacht na n-ionadach, an éifeachtúlacht, an athchúrsáil agus inbhuanaitheacht an tomhaltais; á chur in iúl gur geal léi an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Foireann Réime Idirghníomhaireachta na Náisiún Aontaithe um Ghníomhaíocht Choisctheach, a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le geallsealbhóirí náisiúnta agus áitiúla chun feabhas a chur ar bhainistiú acmhainní talún agus nádúrtha chun coinbhleachtaí a chosc agus chun comhordú níos fearr a dhéanamh;

20. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar mór imní di, go mbeidh tionchair dhiúltacha chomhshaoil agus shóisialta mar thoradh ar éileamh méadaithe ar amhábhair chriticiúla, go háirithe d’earnálacha a léiríonn spleáchas láidir ar sheirbhísí éiceachórais (amhail talmhaíocht, turasóireacht dhúlra-bhunaithe agus iascach); á chur i bhfios go láidir gur gá tús áite a thabhairt don inbhuanaitheacht, don éifeachtúlacht agus don chiorclaíocht

ar an leibhéal iltaobhach agus an t-éileamh ar óghábhair a laghdú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide, le strus uisce agus le truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta;

21. á athdhearbhú go bhfuil géarghá le conradh ceangailteach de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le gnó agus cearta an duine chun gníomhaíochtaí corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair ghnó eile a rialáil, lena leagtar síos oibleagáidí soiléire maidir le cearta an duine, ceanglais díchill chuí agus forálacha maidir le rochtain ar leigheas, i gcomhréir le Creat na Náisiún Aontaithe maidir le 'Cosaint, Meas agus Leigheas'; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról gníomhach a imirt sa chaibidlíocht reatha maidir leis an ionstraim lenar cheart gníomhaithe corparáideacha agus infheisteoirí san earnáil eastóscach a spreagadh chun a bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus cearta saothair, agus urraim don chomhshaol, a ghlacadh chucu féin;

22. á iarraidh an athuair ar AE tuilleadh comhaontuithe idirnáisiúnta a lorg maidir le maoiniú don aeráid, aistriú teicneolaíochta glaine agus fothú acmhainneachta a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha chun astaíochtaí GCT a thagann ón earnáil eastóscach go háirithe a laghdú;

23. á iarraidh ar thíortha i mbéal forbartha a gcomhar réigiúnach a uasghrádú, comhchaighdeáin agus noirm chomhshaoil, shóisialta agus saothair a fhorbairt nó a ghlacadh d'earnáil na dtionscal eastóscach;

24. á iarraidh ar AE tacú, go háirithe, le Ballstáit an Aontais Afracaigh chun Fís Mianadóireachta na hAfraice, creat beartais a glacadh in 2009 chun a áirithiú go n-úsáidfidh an mhór-roinn a hacmhainní mianraí go straitéiseach d'fhorbairt shocheacnamaíoch leathan, a chur chun feidhme tuilleadh agus é a thabhairt cothrom le dáta chun glacadh le SDGanna agus leis an gclár oibre maidir leis an athrú aeráide, mar dheis don fhorbairt inbhuanaithe ar an mór-roinn; á chur i bhfios go láidir gur cheart go gcuimseodh tacaíocht AE fothú acmhainneachta, tacaíocht airgeadais, aistrithe teicneolaíochta glaine agus bainistiú inbhuanaithe an tslabhra soláthair;

25. á iarraidh ar AE tacú le tionscnaimh réigiúnacha, idirnáisiúnta agus dhomhanda chun trédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú maidir le húsáid agus bainistiú acmhainní eastóscacha, lena n-áirítear an Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach (EITI), lena gcuirtear trédhearcacht agus cuntasacht chun cinn i dtíortha a bhfuil saibhreas acmhainní ola, gáis agus mianraí iontu, Tacaíocht Chlárúcháin Dhomhanda Eastóscach, ciste iontaobhais ildeontóirí de chuid an Bhainc Dhomhanda chun EITI a chur chun feidhme go cuimsitheach agus go hinbhuanaithe i dtíortha i mbéal forbartha agus atá spleách ar acmhainní chun tacú le laghdú na bochtaineachta agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin bhforbairt chuimsitheach inbhuanaithe, Próiseas Kimberley, lena gcuirtear cosc ar shreabhadh diamaint choinbhleachta, agus na Prionsabail Dheonacha maidir le Slándáil agus Cearta an Duine;

26. á iarraidh ar AE tacú le tíortha i mbéal forbartha chun a n-acmhainneacht a fhorbairt chun conarthaí cothroma agus trédhearcacha a chaibidliú le cuideachtaí tionscail eastóscacha; á chur in iúl gur geal léi, ina leith sin, tacaíocht airgeadais AE a tugadh do Thionscnamh Connex G7, lena bhfeabhsaítear saineolas caibidlíochta na dtíortha i

mbéal forbartha maidir leis an earnáil eastóscach, ionas go gceapfar conarthaí infheistíochta chun inbhuanaitheacht agus forbairt a chur chun cinn;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún a thacaíocht a mhéadú don Chomhpháirtíocht Eorpach um Mianraí Freagracha, comhpháirtíocht il-gheallsealbhóra a cruthaíodh chun feabhas a chur ar thionchar Rialachán AE maidir le Mianraí Coinbhleachta, trí mhaoiniú a dhéanamh ar níos mó tionscadal forbartha lena ndírítear ar chleachtais mianadóireachta áitiúla a fheabhsú, go háirithe in ASM, lena dtabharfar dálaí sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíocha níos fearr d'oibrithe mianach agus do phobail mhianadóireachta áitiúla;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chomhar níos dlúithe leis an mBanc Domhanda i bhfianaise a eolais ar an earnáil eastóscach agus a thacaíochta do thíortha i mbéal forbartha do na próisis maidir leis an aistriú inbhuanaithe agus maidir leis an aistriú glas;

29. á iarraidh ar AE tacaíocht airgeadais agus cúnamh teicniúil a sholáthar do thíortha i mbéal forbartha chun cabhrú leo Creat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal agus Conradh na Náisiún Aontaithe ar an Mórmhuir a chur chun feidhme;

***Beartas agus creat dlíthiúil an Aontais Eorpaigh a neartú***

30. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil céimeanna glactha ag AE chun rialacháin cheangailteacha a fhorbairt i réimse an díchill chuí chorparáidigh, amhail an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta, an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, an dréacht-treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus dréachtrialacháin maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éignithe agus maidir le hAmhábhair Chriticiúla, ar cheart dóibh, go léir le chéile, go díreach nó go hindíreach, páirt a ghlacadh i gclaochlú na hearnála eastóscaí i dtíortha i mbéal forbartha;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as próiseas athbhreithnithe 2023 ar an Rialachán maidir le Mianraí Coinbhleachta, lena gcuirtear d'oibleagáid ar chuideachtaí AE a n-allmhairí stáin, tantalaim, tungstain agus óir a fhoinsiú go freagrach agus a áirithiú nach rannchuideoidh a slabhraí soláthair le coinbhleacht armtha a chistiú, mar dheis chun measúnú críochnúil a dhéanamh ar thionchar an rialacháin ar an láthair agus ar an bhféidearthacht bearta éigeantacha breise a áireamh agus mianraí eile a chumhdach; á chur i bhfios go láidir gur gá eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na pobail dá ndéantar difear a áireamh ar bhealach fóinteach le linn an phróisis athbhreithnithe;

32. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an tionscal eastóscach a áireamh i Rialachán AE maidir le Tacsanomaíocht[24], in éineacht le hionadaithe ón tionscal eastóscach;

33. á chur in iúl gur geal léi síniú an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta nua idir AE agus comhaltaí Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin atá ar na

---

[24] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

bacáin, ós rud é go soláthraítear leis creat neartaithe agus nuachóirithe le haghaidh comhar le tíortha ACC, ina bhfuil tagairtí sonracha do na tionscail eastóscacha, amhail trédhearcacht, cuntasacht agus bainistiú freagrach na dtionscal eastóscach a chur chun cinn agus freagracht shóisialta chorparáideach agus iompar freagrach gnó a neartú chun fás agus forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe a bhaint amach; á mheabhrú, sa chomhthéacs sin, go bhfuil comhlíonadh próiseas díchill chuí i gceist leis an inbhuanaitheacht, mar a shainítear i reachtaíocht AE agus i dTreoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, chomh maith le Treoirlínte Deonacha FAO maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí, i gcás ina bhfuil cearta tionachta talún i gceist;

34. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar chúnamh forbartha AE ar an bhforbairt inbhuanaithe in earnáil na dtionscal eastóscach chun úsáid éifeachtach agus chuntasach acmhainní airgeadais AE a áirithiú;

35. á iarraidh ar an gCoimisiún breithnithe maidir le forbairt inbhuanaithe agus maidir le comhar um fhorbairt a phríomhshruthú i gcomhaontuithe trádála agus infheistíochta uile AE le tíortha i mbéal forbartha, trí fhorálacha a áireamh lena n-áiritheofar urraim do chearta an duine, cosaint an chomhshaoil agus dáileadh cothrom na n-ioncam ó na tionscail eastóscacha;

°

° °

36. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

19.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Fhorbairt

maidir leis an ról atá ag beartas forbartha an Aontais Eorpaigh chun tionscail eastóscacha a chlaochlú ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe i dtíortha i mbéal forbartha (2023/2031(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Emmanuel Maurel

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Fhorbairt, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur cloch choirnéil den bhreisluach eacnamaíoch iad na tionscail eastóscacha, agus gur tionscail dianchaipitil dlúthshaothair iad; de bhrí, i gcás go leor tíortha i mbéal forbartha, gurb ionann eastóscadh acmhainní nádúrtha agus cion suntasach OTI; de bhrí go bhféadfadh tionscail eastóscacha cur le rathúnas eacnamaíoch i dtíortha atá i mbéal forbartha, ach gur minic a bhaineann siad le truailliú comhshaoil, scriosadh an dúlra agus sárú chaighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS); de bhrí go bhfuil tionchar suntasach ag tionscail eastóscacha ar an gcomhshaol agus ar phobail áitiúla agus dhúchasacha; de bhrí go gcuireann sé sin béim ar an ngá atá le straitéisí comhleanúnacha, atá leabaithe i gcur chuige láidir díchill chuí, chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht forbartha.

B. de bhrí go bhfeidhmíonn tíortha i mbéal forbartha den chuid is mó mar onnmhaireoirí amhábhar neamhphróiseáilte agus go bhfuil an cruthú luacha comhchruinnithe i dtíortha forbartha eacnamaíocha;

C. de bhrí gur príomh-ionchuir i nglanteicneolaíochtaí nialais iad acmhainní mianadóireachta, go háirithe amhábhair chriticiúla, agus go mbeidh siad fíor-riachtanach chun dícharbónú a dhéanamh agus chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a bhaint amach; de bhrí, chun a iomaíochas a choinneáil agus an t-aistriú glas agus cothrom á bhaint amach ag an am céanna, nach mór don Aontas Eorpach rochtain ar na hábhair sin a ráthú dá ghnóthais agus caighdeáin dhiana chomhshaoil, rialachais, shóisialta agus chearta an duine a áirithiú ag an am céanna; de bhrí go bhfuil móiminteam ann chun an infheistíocht is gá a shlógadh don aistriú glas sin i dtíortha i mbéal forbartha atá saibhir ó thaobh mianraí de, amhail bonneagair nua iompair agus dhigiteacha, chun slabhraí luacha réigiúnacha a fhorbairt agus a éagsúlú;

D. de bhrí go mbeidh gá le rannpháirtíocht il-gheallsealbhóra idir rialtais, comhpháirtithe forbartha, tionscal, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus pobail áitiúla chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) a bhaint amach faoi 2030;

E. de bhrí go bhfuil tíortha i mbéal forbartha a onnmhairíonn amhábhair ag brath go mór ar ioncam ó cháin ar onnmhairiú na n-ábhar sin;

F. de bhrí go ndearna luaineacht praghsanna tráchtearraí le linn phaindéim COVID-19 damáiste tromchúiseach eacnamaíoch do thíortha i mbéal forbartha a bhí ag brath ar an ioncam ó cháin ó thionscail eastóscacha;

G. de bhrí go ndéanann geilleagar éagsúlaithe tíortha i mbéal forbartha níos athléimní i leith suaití seachtracha;

H. de bhrí go bhfuil sé d'acmhainn ag an aistriú glas poist ardcháilíochta agus ghlasa a chruthú a d'fhéadfadh cur go mór le díothú na bochtaineachta agus leis an gcuimsiú sóisialta i dtíortha forbartha agus ardfhorbartha araon;

I. de bhrí go raibh an bhearna bhliantúil airgeadais USD 2.5 trilliún a bhí ann roimh COVID-19 ag comhfhreagairt do thart ar USD 500 billiún do thíortha ísealioncaim agus USD 2 trilliún do thíortha eile i mbéal forbartha;

J. de bhrí gurb ionann an bhearna infheistíochta i dtíortha i mbéal forbartha agus USD 4.2 trilliún in aghaidh na bliana chun gur féidir (SFIanna) a bhaint amach;

1. á iarraidh go gcruthófaí samhail mhianadóireachta inbhuanaithe agus chiorclach, lena bhfeidhmeofar dícheall cuí maidir le reachtaíocht AE, lena n-áirítear Treoir 20XX/XX/AE maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáide agus Treoir Díchill Chuí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) maidir le hIompar Gnó Freagrach; á iarraidh go ndéanfaí cleachtais trádála agus dálaí oibre córa, lena n-áirítear do mhianadóirí ceardaíochta agus mionscála, a áirithiú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta is airde maidir le cearta saothair i ndáil le hábhair amhail sláinte, sábháilteacht agus luach saothair, lena n-áirítear na cinn sin a leagtar amach i Rialachán 20XX/XX/AE maidir le toirmeasc a chur ar tháirgí a dhéantar le saothar éigeantais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhpháirtíochtaí aeráide agus amhábhar criticiúil a bheidh chun tairbhe an dá thaobh a bhunú le tíortha i mbéal forbartha lena gcuirfear forbairt duinelárnach agus forbairt atá dírithe ar an gcomhshaol i gcroílár a gcuspóirí agus na gcreataí beartais oibríochtúla uile; á iarraidh go ndéanfaí comhordú níos fearr le gníomhaireachtaí creidmheasa onnmhairiúcháin náisiúnta chun a gcuid gníomhaíochtaí a ailíniú le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na tíortha comhpháirtíochta a áirithiú go mbeidh comhpháirtíochtaí aeráide agus comhaontuithe maidir le infheistíocht inbhuanaithe a éascú ag teacht le rannchuidithe cinntithe náisiúnta na dtíortha comhpháirtíochta;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú, agus infheistíochtaí á n-éascú aige, nach mbeidh aon sodar go grinneall i bhfóirdheontais i dtíortha comhpháirtíochta, rud a fhágfaidh go n-ísleofar caighdeáin EIS agus chomhshaoil;

4. á mheas gur cheart go gceadódh an tsamhail sin comhroinnt chothrom agus thrédhearcach ar bhreisluach na hearnála i measc na ngeallsealbhóirí uile, mar a chumhdaítear sa Tionscnamh um Thrédhearcacht na dTionscal Eastóscach domhanda, agus intuarthacht agus leanúnachas na rochtana ar chúltaiscí mianraí i dtíortha comhpháirtíochta á n-áirithiú ag an am céanna do chuideachtaí eastóscacha Eorpacha; á chur i bhfáth go bhfuil gá le rannpháirtíocht fhóinteach le geallsealbhóirí lena n-áirítear malartuithe faisnéise a bhaineann leis an earnáil phríobháideach, leis an tsochaí shibhialta agus le ceardchumainn, go háirithe in earnáil na n-amhábhar criticiúil;

5. á athdhearbhú go bhfuil tionchar dearfach ag slabhraí luacha réigiúnacha agus ag neartú na trádála laistigh den réigiún ar na tíortha máguaird agus go neartaíonn siad athléimneacht na dtíortha sin, go háirithe le linn suaití seachtracha;

6. á mheas nach mór don tsamhail sin seasamh le riachtanais na bpobal áitiúil agus na bpobal dúchasach, comhlíonadh choinbhinsiúin uile EIS a áirithiú, lena n-áirítear Coinbhinsiún 169, a thionchar díreach agus indíreach ar an gcomhshaol a íoslaghdú a mhéid a bhaineann le saothrú agus faisnéis fhorleathan a chur ar fáil do thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear faisnéis maidir le hábhair an aistrithe teicneolaíochta, agus mionsonraí cuimsitheacha maidir leis na ceanglais a bhaineann le tionscadail an Chomhaontaithe Ghlais agus le reachtaíocht AE atá ar na bacáin; ag tathant ar an gCoimisiún cur lena iarrachtaí tacú le fothú acmhainneachta in acmhainneachtaí dlíthiúla, rialtais agus fioscacha na dtíortha comhpháirtíochta; á athdhearbhú go bhfuil gá le socruithe idirthréimhseacha solúbtha do thíortha i mbéal forbartha chun oibleagáidí idirnáisiúnta a chomhlíonadh; á chur i bhfáth gur gá Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le prionsabal Chearta na bPobal Dúchasach maidir le toiliú saor, curtha in iúl roimh ré agus feasach a urramú i ngach cás; á mheas gur féidir le comhaontuithe forbartha pobail cuidiú leis an gcuspóir sin a bhaint amach; á chur i bhfios nach mór d’éascú infheistíochta inbhuanaithe agus do straitéis fhoriomlán trádála agus infheistíochta an Aontais deiseanna infheistíochta a spreagadh i dtíortha atá i mbéal forbartha, chun na SFIanna a bhaint amach trí chabhrú le leibhéil níos airde infheistíochta a shlógadh i mbonneagair chrua agus bhoga ag a bhfuil an tionchar comhshaoil is ísle is féidir agus forbairt chuimsitheach agus inbhuanaithe, laghdú bochtaineachta agus cruthú fostaíochta áitiúla a chur chun cinn, go háirithe d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus don slabhra soláthair a bhaineann le tionscail eastóscacha; á chur i bhfáth go bhfuil gá freisin le hinfheistíochtaí poiblí i mbonneagair chrua agus bhoga chun aistriú a dhéanamh;

7. á mheas nach mór don tsamhail sin riachtanais na ndaonraí áitiúla a chur san áireamh, comhlíonadh choinbhinsiúin uile EIS a áirithiú agus a thionchar díreach agus indíreach ar an gcomhshaol i réimse an tsaothraithe a laghdú, agus na modhanna is nuálaí atá ar fáil á n-úsáid;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú nuair a bheidh tionscadail na Tairsí Domhanda á roghnú agus nuair a bheifear ag tacú leo, go mbeidh an t-idirphlé sóisialta ina dhlúthchuid den chreat institiúideach le haghaidh ceapadh agus cur chun feidhme beartas ar gach leibhéal;

9. á iarraidh go gcuirfí an tsamhail sin i bhfeidhm sa slabhra luacha maidir le haon chuideachta soláthair in AE, lena n-áirítear iad siúd ó thríú tíortha;

10. á mheas gur cheart feidhm a bheith ag prionsabal na híoschánach corparáide mar a bhaineann le gnóthais arna mbunú i dtíortha G20 agus ECFE le gnóthais san earnáil nuair a oibríonn na gnóthais sin i ngach tír a shínigh comhaontú G20-ECFE; á iarraidh go mbeadh sásraí rialála ann chun amhantraíocht agus luaineachtaí praghsanna i dtáirgí tionscail eastóscacha a laghdú, chun intuarthacht agus inbhuanaitheacht a áirithiú ar fud an tslabhra táirgthe agus soláthair;

11. á mheas gur cheart do shamhail mhianadóireachta inbhuanaithe agus chiorclach seasamh leis an spás beartais do thíortha i mbéal forbartha chun bearta a dhéanamh a d'fhéadfadh cur le slógadh acmhainní intíre, amhail dleachtanna ar onnmhairí agus srianta dlisteanacha ar onnmhairiú, nuair nach gcuirtear i bhfeidhm ar bhealach idirdhealaitheach iad agus nuair a cheadaítear sin de réir rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála;

12. á iarraidh ar an Aontas comhpháirtithe trádála a spreagadh chun bainistiú inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn ina gcaidreamh trádála agus infheistíochta, trí chomhar i bhfóraim idirnáisiúnta agus trí dhea-chleachtais a chomhroinnt.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá tionscail eastóscacha - saothrú acmhainní neamh-inathnuaite - mar bhonn taca dár sochaithe agus áirítear iontu gach rud ó eastóscadh ola agus gáis go mianadóireacht d'amhábhair chriticiúla. In 2023, tá an rás domhanda maidir le hamhábhair chriticiúla faoi lán seoil. San Aontas Eorpach, beidh na hábhair sin tábhachtach dár neamhspleáchas straitéiseach agus do dhlús a chur leis an aistriú glas. Mar sin féin, tá na tionscail eastóscacha ina bhfoinse leasa agus aimhleasa araon - tá siad freagrach as an sciar is mó d'astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tá baint acu le saothar éigeantais, saothar leanaí, scriosadh éiceachóras agus sárú ar chearta dúchasacha ar fud an domhain.

Tá formhór mór na n-amhábhar criticiúil le fáil i dtíortha i mbéal forbartha - mar sin, ní féidir leis an Aontas a uaillmhianta straitéiseacha agus aeráide féin a bhaint amach in éagmais na dtíortha i mbéal forbartha. Tá freagracht orainn, Parlaimint na hEorpa, a áirithiú nach gcuirfidh AE cearta an duine, an bhithéagsúlacht ná forbairt inbhuanaithe fhoriomlán na dtíortha sin i mbaol agus é ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sa rás maidir le hamhábhair chriticiúla. Má dhéantar drochbhainistiú air sin, tá baol breise ann go gcruthófar an dara glúin de thíortha atá thíos leis an 'mallacht acmhainní', as a dtiocfaidh éilliú agus neamhionannais níos doimhne inár dtíortha comhpháirtíochta.

Is é is cuspóir don tuarascáil seo a áirithiú go n-urramóidh an tAontas agus gnólachtaí Eorpacha go hiomlán prionsabail an Chomhtháthaithe Beartas ar mhaithe le Forbairt, mar a chumhdaítear in Airteagal 208 CFAE, agus Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe agus gníomhaíochtaí eastóscacha á ndéanamh acu sa domhan i mbéal forbartha, agus go ndéanfar aon tionscadail eastóscacha nua le toiliú na bpobal lena mbaineann, i gcomhréir le Coinbhinsiún 169 EIS maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar infheistíochtaí an Aontais ar bhealach lán-trédhearcach, go háirithe maidir le tionscadail Global Gateway, le maoirseacht leordhóthanach ó Pharlaimint na hEorpa. Thairis sin, ní mór gnólachtaí Eorpacha a threorú agus a dhreasú chun tús áite a thabhairt do chearta agus d'fhorbairt inbhuanaithe na bpobal áitiúil. Ar deireadh, ní mór don Aontas a bheith ina cheannaire agus ina bhunaitheoir caighdeán ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun cothrom na Féinne a áirithiú agus chun creidiúnacht AE mar ghníomhaí atá bunaithe ar luachanna a choinneáil.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Gabriel Mato, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Javier Moreno Sánchez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Francisco Guerreiro, Mikuláš Peksa, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 33 | + |
|---|---|
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, José Manuel García-Margallo y Marfil, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Clara Aguilera, Marek Belka, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |
| The Left | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Francisco Guerreiro, Heidi Hautala, Mikuláš Peksa |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Roman Haider |
| NI | Enikő Győri |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 33<br>–: 2<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Barry Andrews, Anna-Michelle Asimakopoulou, Tiziana Beghin, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, Roman Haider, Christophe Hansen, Heidi Hautala, Danuta Maria Hübner, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Thierry Mariani, Margarida Marques, Gabriel Mato, Emmanuel Maurel, Carles Puigdemont i Casamajó, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marek Belka, José Manuel García-Margallo y Marfil, Enikő Győri, Javier Moreno Sánchez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clara Aguilera, Francisco Guerreiro, Mikuláš Peksa, Lucia Vuolo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 33 | + |
|---|---|
| NI | Tiziana Beghin, Carles Puigdemont i Casamajó |
| EPP | Anna-Michelle Asimakopoulou, Daniel Caspary, Arnaud Danjean, José Manuel García-Margallo y Marfil, Christophe Hansen, Danuta Maria Hübner, Gabriel Mato, Sven Simon, Lucia Vuolo, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler |
| Renew | Barry Andrews, Jordi Cañas, Samira Rafaela, Catharina Rinzema, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Clara Aguilera, Marek Belka, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Inma Rodríguez-Piñero, Katarína Roth Neveďalová, Joachim Schuster, Kathleen Van Brempt |
| An Chlé | Emmanuel Maurel, Helmut Scholz |
| Na Glasaigh/SCE | Saskia Bricmont, Francisco Guerreiro, Heidi Hautala, Mikuláš Peksa |

| 2 | - |
|---|---|
| ID | Danilo Oscar Lancini, Thierry Mariani |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ID | Roman Haider |
| NI | Enikő Győri |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh